

EOR3. Deachtóireacht agus Daonlathas |

Freagra samplach

‘Cé chomh mór agus a bhain polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939, le tús a chur leis an Dara Cogadh Domhanda? (2015)

Is léir gur thosaigh an Dara Cogadh Domhanda mar gheall ar an bpolasaí eachtrach ionsaitheach a bhí ag Hitler le linn na tréimhse 1933-1939. Ba é príomhfhócas Hitler ina bheartas eachtrach éalú ó Chonradh Versailles. Cuireadh pionós trom ar an nGearmáin as an ról a bhí acu in WWI. Bhí arm na Gearmáine teoranta do 100,000 fear, bhí teorainn de 6 long chogaidh ar an gcabhlach agus ní raibh cead acu fomhuireáin a bheith acu. Cuireadh cosc orthu aerfhórsa a bheith acu freisin. Cuireadh iallach ar an nGearmáin an milleán a thógáil orthu féin as WWI (ar a dtugtar an clásal ciontachta cogaidh), agus b'éigean dóibh cúiteamh a íoc as damáiste a rinneadh arb ionann é agus 132 billiún marg óir. Bhí súil ag Hitler freisin go gcuideodh a pholasaithe eachtracha leis “Gearmáin Níos Fearr” a chruthú. Theastaigh uaidh an Ghearmáin a aontú le gach duine eile a labhair Gearmáinis leis an ‘Tríú Reich’ cumhachtach a chruthú. Bhí súil aige go mairfeadh an impireacht seo “*míle bliain*”.

In 1933, d'fhreastail Hitler ar chomhdháil dí-armála a bhunaigh Conradh na Náisiún. Ag an gcomhdháil, mhol Hitler go ndéanfadh na tíortha eile go léir sa Chonradh dí-armáil go dtí an leibhéal a leagadh síos don Ghearmáin i gConradh Versailles. Dhiúltaigh an Fhrainc go láidir don smaoineamh, agus eagla orthu roimh ionsaithe ón nGearmáin. Rinne an Bhreatain iarracht comhréiteach a lorg. Mhol siad go bhfanfadh an Ghearmáin 4 bliana, agus ansin go dtabharfaí cead dóibh atharmáil. Dhiúltaigh Hitler don chomhréiteach seo, agus mhaígh sé gurb eisean an t-aon duine a bhí dáiríre faon dí-armáil. Tharraing sé an Ghearmáin ó Chonradh na Náisiún láithreach. An bhliain chéanna, shínigh Hitler socrú neamhionsaithe 10 mbliana leis an bPolainn. Sa socrú seo, gheall sé go mbeadh meas aige ar theorainneacha na Polainne. Shínigh an Pholainn an comhaontú seo, mar bhí eagla orthu roimh Stalin agus an Cumannachas agus bhí siad den tuairim go mbeadh sé níos fearr dul i bpáirt le Hitler. Chuir an comhaontú seo cuma na

síochána ar Hitler, rud a thug muinín gan bhonn don Eoraip.

In 1934, rinne daoine a thaobhaigh leis na Naitsithe Príomh-aire na hOstaire, Engelbert Dollfuss, a dhúnmharú. Bhí eagla ar Mussolini, deachtóir faisisteach na hIodáile, go mbeadh coup d'état san Ostair. Bhí sé ag iarraidh go mbeadh an Ostair ina crios maolánach idir an Iodáil agus an Ghearmáin. Bhí eagla air go mbeadh Hitler ag iarraidh aontú leis na cainteoirí Gearmánacha i dTuaisceart na hIodáile. Chuir Mussolini trúpaí chuig Bearnas Brenner, ar theorainn na hOstaire, chun an coup seo a chosc. Cuireadh iallach ar Hitler a rá le Naitsithe na hOstaire géilleadh toisc nach raibh sé ullmhaithe le haghaidh cogaidh. Ba chéim ar gcúl an ócáid seo, ar a dtugtar an *Dollfuss Affair*, ar pholasaí eachtrach Hitler, agus scrios sé a íomhá mar fhear na síochána.

In 1935, d'fhógair Hitler atharmáil agus coinscríobh ginearálta. Sháraigh sé seo an Conradh go díreach. Chruthaigh atharmáil poist i dtionscal na harmála, agus cuireadh an smaoineamh “*gunnaí roimh im*” chun tosaigh. Faoi mbliain 1939, bhí 1.4 milliún fear fostaithe san arm, i bhfad os cionn an 100,000 a bhí ceadaithe sa Chonradh. Níor thaitin seo leis an mBreatain, an Fhrainc ná an Iodáil. Bhuaill siad le chéile ag Stresa san Iodáil agus bhunaigh siad an ‘Fronta Stresa’, a cháin gníomhartha Hitler. Níor mhair an aontacht seo i bhfad. Nuair a rinne an Iodáil ionradh ar an Aibisín, thit an caidreamh idir an Iodáil, an Bhreatain agus an Fhrainc as a chéile. De réir mar a bhí Hitler ag éirí níos láidre a bhuí lena pholasaithe, bhí na comhghuaillithe ag éirí níos laige agus níos scoilte.

Chinn an Bhreatain aire a thabhairt dá leasanna féin. Shínigh siad Comhaontú Cabhlaigh le Hitler, a thug deis do na Naitsithe 35% de mhéid chabhlach na Breataine a bheith acu. Tá sé tábhachtach a lua nach raibh fomhuireáin mar chuid den chomhaontú seo. Botún tromchúiseach ab ea é seo ar thaobh na Breataine mar gur úsáideadh U-Bháid agus fomhuireáin eile chun go leor long tráchtála a iompú le linn an chogaidh. Creideann go leor daoine nach raibh an ceart ag an mBreatain géilleadh don Chomhaontú toisc nach raibh cead ag an nGearmáin cabhlach mór a bheith acu faoi Chonradh Versailles. Bhreathnaigh Hitler ar an mBreatain mar náisiún a bhí lag toisc gur cheadaigh siad dó an Conradh a bhriseadh arís agus arís eile. An bhliain sin, vótáil réigiún mianadóireachta na Sáire, le tromlach ollmhór os cionn 90%, chun filleadh ar an nGearmáin (bhí an réigiún seo scartha ón nGearmáin a bhí Conradh Versailles ann). Léiríonn sé seo go raibh tóir ag muintir na Gearmáine ar pholasaithe Hitler, cé go raibh siad ionsaitheach.

Bhí Hitler ag iarraidh tástáil a dhéanamh ar dhiongbháilteacht na gComhghuaillithe. Faoi Chonradh Versailles, b'éigean go mbeadh Dúiche na Réine, limistéar na Gearmáine atá ar theorainn na Fraince, a bheith ina críos dímhíleataithe. In 1938, bheartaigh Hitler an réigiún seo a atharmáil. Chuir sé trúpaí isteach sa chríos, agus thug sé ordú dóibh cúlú dá gcuirfeadh an Bhreatain nó an Fhrainc ina gcoinne. Aisteach go leor, níor chuir. Ní raibh an Bhreatain ullmhaithe le haghaidh cogaidh, agus ní raibh an Fhrainc ag iarraidh troid gan iad. Chonaic Hitler go raibh cumhachtaí na hEorpa lag, agus chuir sé tús le polasaí eachtrach níos ionsaithí. Bhris cogadh cathartha amach sa Spáinn agus sheol Hitler na mílte saighdiúir, cathlán tanc amháin agus 16 chathlán aerárthaigh chun troid ar son an Ghinearáil Franco, a bhí ina fhaisisteach. Theastaigh ó Hitler a fheiceáil cén brú a d'fhéadfadh sé a chur ar na Comhghuaillithe sula bhfaighidís réidh lena bpolasaí géilleadh chun síthe. Shíl sé freisin go mbeadh an Fhrainc lagaithe níos mó fós dá mbeadh deachtóireacht den eite dheis sa Spáinn. Ba iad roghanna ceannasacha mar seo ba chúis le WWII.

Bhí Hitler diongbháilte gach cainteoir Gearmánach a aontú le chéile faoi aon impireacht mhór amháin. Bhí Hitler ag iarraidh an Ghearmáin a aontú le cainteoirí Gearmánacha óna thír dhúchais, an Ostair. Chun seo a dhéanamh, shínigh Hitler comhaontú le Mussolini, ar a dtugtar Ais na Róimhe agus Bheirlín. Toisc go raibh an Ghearmáin agus an Iodáil ag cabhrú lena chéile anois, ní raibh cosaint na hIodáile ag an Ostair níos mó, rud a chiallaigh go raibh siad leochaileach ó ionsaí na Gearmáine. Rinne Seansailéir nua na hOstaire, Schuschnigg, iarracht an tír a chosaint ó ionradh na Gearmáine trí iarracht a dhéanamh Hitler a shásamh. Rinne sé iarracht comhoibriú le Hitler a oiread agus ab fhéidir, agus shínigh sé Comhaontú na Gearmáine-na hOstaire 1936, a thug deis do na Naitsithe poist oifigiúla a fháil san Ostair. Rinne sé Aire Gnóthaí Baile de Seyss-Inquart fiú, a bhí ina bhall de na Naitsithe.

Bhí súil ag Schuschnigg go suaimhneodh sé seo Hitler. Ní raibh an ceart aige, áfach. D'ordaigh Hitler a chuid trúpaí isteach sa tír. Mí ina dhiaidh sin, bhí pobalbhreith rigeáilte ann. Léirigh na torthaí go raibh muintir na hOstaire sásta le smacht na Gearmáine ar an tír.

Bhí polaitíocht na Fraince trí chéile i Márta 1938. Déanta na fírinne, dhá lá sula ndearna an Ghearmáin ionradh ar an Ostair, d'éirigh rialtas iomlán na Fraince as. Ní raibh an Fhrainc in ann cur i gcoinne an ionraidh. I mí an Mhárta 1938, bhí fadhbanna polaitiúla ag an mBreatain. D'éirigh

Anthony Eden, an Rúnaí Gnóthaí Eachtracha, as a phost tar éis do Phríomh-Aire Neville Chamberlain an cinneadh a dhéanamh dul i mbun idirbheartaíochta le deachtóir faisisteach na hIodáile, Mussolini. Mar sin, agus Chamberlain ag iarraidh Hitler a shásamh, ní raibh aon toil pholaitiúil ann cur i gcoinne na Gearmáine. Ina theannta sin, níor theastaigh cogadh Eorpach eile ó mhuintir na Breataine. Níor cheap an Bhreatain gur bhain bagairt leis an Anschluss agus, toisc gur labhair an dá náisiún Gearmánis, dhéanadh sé ciall dá n-aontódh an Ostair agus an Ghearmáin le chéile. Chuaigh Anschluss chun leasa na Gearmáine go mór. Chuir siad 7 milliún duine lena daonra agus arm 100,000 lena Reich. Fuair siad acmhainní úsáideacha mar chruach, amhiarainn agus cúlchistí malairte eachtraí na hOstaire. Chuaigh cothromaíocht na cumhachta in oirdheisceart na hEorpa i bhfabhar na Gearmáine. Bhí ag éirí le polasaí eachtrach Hitler; bhí méadú ag teacht ar a impireacht.

Dhírigh Hitler ar an tSeicslóvaic tar éis rath an Anschluss. Theastaigh uaidh an tír dhaonlathach seo a dheighilt, ba chuma leis cén bealach a ndéanadh sé é seo. Bhí an tSeicslóvaic ina ball de Chonradh na Náisiún, agus bhí sí i gcomhghuaillíocht leis an bhFrainc agus leis an Aontas Sóivéadach. Bhí mionlaigh mhóra laistigh den tSeicslóvaic, áfach. I measc na mionlach seo bhí 3 mhilliún Gearmánach sa cheantar ar a dtugtar Sudetenland.

Nuair a chonaic Mussolini go raibh cogadh domhanda dosheachanta, rinne sé iarracht cruinniú a eagrú idir ceannairí na Gearmáine, na Fraince, na Breataine agus na hIodáile chun an “Fhadhb Sudeten” a réiteach. Tugtar Comhdháil München ar an gcruinniú seo. D’fhill Neville Chamberlain ar an mBreatain tar éis na comhdhála ag maíomh gur chinntigh sé “*peace in our time*”. Mar sin féin, chuir an Bhreatain agus an Fhrainc araon dlús le bpleananna atharmála féin tar éis na comhdhála. Faoi thús na bliana 1939, bhí arm Hitler tar éis ionradh a dhéanamh ar an tSeicslóvaic go léir, agus níor chuir an Bhreatain ná an Fhrainc ina gcoinne mórán.

In 1939, shínigh Hitler comhaontú le Stalin. Dúradh go poiblí sa chomhaontú go mbeadh neamhionsaitheacht ann ar feadh deich mbliana, agus leag an comhaontú aontuithe eacnamaíocha amach chomh maith. Bhí gnéithe rúnda sa chomhaontú, áfach. D’aontaigh an dá thír cuidiú lena chéile dá mbeadh cogadh ann i gcoinne na Polainne.

Thug sé seo saoirse do Hitler ionradh a dhéanamh ar an bPolainn gan a bheith buartha faoin Aontas Sóivéadach, rud a bhí ríthábhachtach. U-chasadh mór a bhí sa Chomhaontú. Dúirt Hitler i

gcónaí gurb é an tAontas Sóivéadach an namhaid ba mhó a bhí aige, áit a bhí rialaithe ag Cumannaigh Ghiúdacha agus ag Slavaigh nach raibh meas madra aige orthu. Dúirt sé gurbh é 'Lebensraum' príomhfhócas a pholasaí. Shínigh Hitler comhaontú eile leis an Iodáil - Comhaontú Cruach - a dhaingnigh a seasamh mar chomhghuaillithe dá chéile. Bhí Hitler réidh anois le dul chun cogaidh. Ar an 1 Meán Fómhair 1939, rinne an Ghearmáin ionradh ar an bPolainn. B'éigean don Bhreatain agus don Fhrainc gníomhú agus d'fhógair siad cogadh 3 lá ina dhiaidh sin.

Níl aon amhras ach go raibh polasaí eachtrach Hitler ar cheann de na cúiseanna ba mhó leis an Dara Cogadh Domhanda. Diaidh ar ndiaidh, rinne a pholasaithe, a bhí idir ionsaitheach agus radacach, an Ghearmáin a láidriú agus rinne siad oirdheisceart na hEorpa a aontú faoina chumhacht.